

# Turgnamh Mhéadar Báistí



**SCOILEANNA GLASA  
FAN SA BHAILE - UISCE**

Le hathrú aeráide, tá a fhios againn go mbeidh níos mó laethanta ann ina mbeidh báisteach throm. Cá bhfios d'eolaithe an méid báistí a bhí ann i lá amháin?


Úsáideann siad rud ar a dtugtar “méadair bháistí” a bhailíonn báisteach agus a thomhaiseann an méid a thit cun talaimh. Is féidir ceann simplí a dhéanamh duit féin leis an turgnamh thíos.

**Am socraithe:** 20 nóiméad

**Am feithimh:** Seachtain

**Céard atá ag teastáil uait?**

1. Buidéal plaisteach
2. Siosúr.
3. Marcóir buan.
4. Téip.
5. Rialóir



## Céard atá le déanamh agat?

1. Iarr ar dhuine fásta an buidéal a ghearradh trian go neasach ón mbarr.
2. Marcáil línte ar an gcuid íochtarach le marcóir buan. Bain úsáid as rialóir agus marcáil líne gach cm aníos.
3. Cuir clocha beaga sa chuid íochtarach.
4. Cuir píosa uisce isteach ann suas go ceann de na línte íochtaracha.
5. Cas barr an bhuidéil timpeall agus cuir é sa chuid íochtarach chun gníomhú mar thonnadóir.
6. Téipeáil iad le chéile.
7. Cuir é taobh amuigh in áit atá ar scáth na gréine agus na gaoithe.
8. Glac tomhas gach lá go ceann seachtaine (nó roghnaigh seachtain eile má bhíonn an aimsir tirim).
9. Dealraigh tomhas an lae roimhe ó thomhas an lae reatha chun an méid báistí a thit ón lá roimhe a fháil amach.
10. Breac síos tomhais na seachtaine go léir agus faigh amach an lá ar a raibh an méid is mó báistí.



## Ceisteanna

1. Dá mbeifeá in ann é seo a dhéanamh thar roinnt blianta, d'fhéadfá comparáid a dhéanamh idir méideanna báistí i mblianta éagsúla. Cén fáth a mbeadh an t-eolas sin úsáideach?
2. Cad a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le himeacht an uisce i rith an lae chun dul i bhfeidhm ar chruinneas an tomhais? Féach ar an turgnamh seo le tuilleadh a fháil amach :  
<https://greenschoolsireland.org/wp-content/uploads/2020/04/GSStayHome-Water-Day1-EVaporation-Infographic.pdf>